An Roinn Oideachais agus Scileanna
Department of Education and Skills

**Ciorclán 0053/2019**

**CIORCLÁN ATHBHREITHNITHE AR DHÍOLÚINE Ó STAIDÉAR AR AN nGAEILGE:**

**ATHBHREITHNIÚ AR CHIORCLÁN M10/94**

**Chuig: Boird Bhainistíochta, Príomhoidí agus Foireann Teagaisc Uile na nIar-bhunscoileanna**

## 1. Réamhrá

## 1.1 Cuspóir an Chiorcláin

Is é cuspóir an Chiorcláin seo é comhairle a thabhairt d'Iar-bhunscoileanna aitheanta[1] faoi na socruithe athbhreithnithe i leith díolúine a dheonú do scoláirí ó staidéar a dhéanamh ar Ghaeilge. Tagann sé in ionad Ciorclán M10/94 agus in ionad athbhreithniú 2008 ar an gCiorclán sin atá anois arna dtarraingt siar. Baineann na socruithe athbhreithnithe atá leagtha amach sa Chiorclán seo le hiar-bhunscoileanna[2] a fheidhmíonn trí mheán an Bhéarla amháin. Beidh feidhm ag díolúintí atá ann cheana ó staidéar a dhéanamh ar an nGaeilge a deonaíodh faoi Chiorcláin 12/96 agus faoi Chiorclán M10/94 agus atá ag scoláirí go dtí deireadh a gcuid oideachais iarbhunscoile. Ní bheidh feidhm ag díolúine ó bheith ag déanamh staidéir ar an nGaeilge a thuilleadh in iar-bhunscoileanna ina bhfuil an Ghaeilge mar mheán teagaisc.

I *Rialacha agus Clár do Mheánscoileanna* (2004) agus *Creat don tSraith Shóisearach* 2015[3] leagtar amach liosta na n-ábhar a gcaithfidh scoláirí sa tsraith shóisearach agus sa tsraith shinsearach staidéar a dhéanamh orthu chun go n-aithneoidh an Roinn iad chun críocha leithdháilte múinteoirí agus íocaíochtaí eile don scoil. Is í an Ghaeilge agus an Béarla na teangacha ina gcaithfidh scoileanna teagasc a sholáthar do gach scoláire sa tsraith shóisearach agus sa tsraith shinsearach. Chun go n-aithneoidh an Roinn scoláirí atá díolmhaithe ó staidéar a dhéanamh ar an nGaeilge ar mhaithe le híocaíocht deontais agus leithdháileadh múinteoirí, beidh sé de cheangal ar na scoileanna sonraí a thaifeadadh ar scoláirí atá díolmhaithe ó staidéar a dhéanamh ar an nGaeilge agus an chúis atá leis an díolúine sin ar an mBunachar Sonraí Ar Líne d'Iar-Bhunscoileanna.

**1.2 Na prionsabail a thacaíonn leis an gCiorclán seo**

Tá sé mar aidhm ag an gciorclán seo tacú le scoileanna chun freastal ar éagsúlacht leathan riachtanas trí thaithí foghlama dhifreáilte a sholáthar do scoláirí i dtimpeallacht scoile ionchuimsitheach. Tá na prionsabail maidir le cuimsiú agus buntáistí an dátheangachais do gach scoláire atá mar bhuntaca leis an g*Creat don tSraith Shóisearach 2015* agus don soláthar curaclaim sa tsraith shinsearach mar bhonn eolais aige.

[1] Scoil Aitheanta - ciallaíonn sé scoil a aithnítear ag an Aire de réir alt 10 den Acht Oideachais, 1998.
[2] Scoileanna ina bhfuil an Béarla mar T1 agus ina ndéantar staidéar ar an nGaeilge mar dhara teanga.
[3] I gCiorclán 0015/2017 leagtar amach an clár staidéir do scoláirí na Sraithe Sóisearaí chun go n-aithneofaidh an Roinn iad chun críocha leithdháileadh múinteoirí agus íocaíochtaí eile leis an scoil.

Ag tógáil ar eispéireas foghlama teanga na scoláirí mar a fhoráiltear dó i g*Curaclam Teanga na Bunscoile*, tá sé mar aidhm ag an tsonraíocht don *Ghaeilge sa tSraith Shóisearach* (T2)[4] a gcuid eolais, tuisceana, luachanna agus scileanna teanga a thacaíonn lena bhforbairt phearsanta, chognaíoch agus shóisialta a dhaingniú agus a

dhoimhniú. Baineann na torthaí foghlama a chuirtear i láthair sa tsonraíocht le gach scoláire. Ba chóir na scoláirí a spreagadh chun staidéar a dhéanamh ar an teanga agus chun leibhéal inniúlachta pearsanta atá oiriúnach dá gcumas a bhaint amach.

De réir mar a théann na scoláirí ar aghaidh ar a dturas foghlama teanga isteach sa tsraith shinsearach, cuirtear deiseanna ar fáil dóibh ar dhul i ngleic tuilleadh leis an nGaeilge ag leibhéal atá oiriúnach dá riachtanais tríd an réimse clár a thairgtear.

Tá an Ciorclán seo leagtha síos i gcomhthéacs na samhla um Leithdháileadh um Mhúinteoireacht Oideachais Speisialta[5], samhail a ligeann do scoileanna príomhshrutha tacaíocht bhreise múinteoireachta a sholáthar do gach dalta a dteastaíonn tacaíocht den sórt sin uathu ina gcuid scoileanna, bunaithe ar a riachtanais foghlama sainaitheanta sa scoil, seachas a bheith bunaithe go príomha ar dhiagnóis míchumais áirithe.

Tabharfar tacaíocht do scoileanna maidir le téarmaí an Chiorclán seo a chur i bhfeidhm trí

- na *Treoirlínte d'Iar-bhunscoileanna: Ag Tacú le Scoláirí a bhfuil Riachtanais Speisialta Oideachais acu i Scoileanna Príomhshrutha* arna fhorbairt ag an tSeirbhís Náisiúnta Síceolaíochta Oideachais, an Chigireacht agus an Rannóg Oideachais Speisialta, An Roinn Oideachais agus Scileanna (2017);
- *Riachtanais Speisialta Oideachais: Contanam Tacaíochta,* an tSeirbhís Náisiúnta Síceolaíochta Oideachais (2007) agus
- *Díolúintí ó Staidéar a Dhéanamh ar Ghaeilge: Treoirlínte d'Iar-bhunscoileanna (a fheidhmíonn trí mheán an Bhéarla), An Roinn Oideachais agus Scileanna (2019).*

## Scoileanna speisialta agus ranganna speisialta i scoileanna priomhshrutha

Is é beartas na Roinne Oideachais agus Scileanna é foráil a dhéanamh ar oideachas cuimsitheach a chur ar fáil do scoláirí a bhfuil riachtanais speisialta oideachais acu san oideachas príomhshrutha, seachas i gcúinsí nach mbeadh sé ar mhaithe le leas an scoláire, ná ar mhaithe le hoideachas éifeachtach scoláirí lena bhfuil siad le hoideachas a chur orthu[6].

I gcás scoláirí i scoileanna speisialta agus i ranganna speisialta i scoileanna príomhshrutha, agus ag aithint an údaráis cinnteoireachta atá tarmlighthe don bhainistíocht maidir le riachtanais foghlama na scoláirí ó thaobh na Gaeilge de sna cásanna sin, níl gá le hiarratas foirmiúil a dhéanamh ar Dheimhniú Díolúine. Beidh scoláirí i scoileanna speisialta agus i ranganna speisialta i scoileanna príomhshrutha díolmhaithe ach gan Teastas Díolúine a bheith acu. Ag teacht le polasaí na Roinne thuas áfach, beifear ag súil leis agus moltar do scoileanna deiseanna rannpháirtíochta i ngníomhaíochtaí teanga agus cultúrtha i nGaeilge, chomh fada agus is féidir agus ar bhealach bríoch, ag leibhéal oiriúnach a thagann lena riachtanais foghlama a sholáthar do gach scoláire.

---

[4] Tá sonraíocht T2 don Ghaeilge sa tsraith shóisearach dírithe ar scoláirí i scoileanna a fheidhmíonn trí mheán an Bhéarla.

[5] Ciorclán 0014/2017 Ciorclán d'Údaráis Bhainistíochta na n-Iarbhunscoileanna: Leithdháileadh um Mhúinteoireacht Oideachais Speisialta.

[6] Alt 2 den Acht Oideachais do Dhaoine le Riachtanais Speisialta Oideachais 2004

**Cad iad na príomhathruithe atá sa Chiorclán seo maidir le díolúintí ó staidéar a dhéanamh ar an nGaeilge sna hiar-bhunscoileanna?**

| |
|---|
| ***Breithniú na teanga teagaisc sa scoil***<br>Tá an Ciorclán seo le cur i bhfeidhm in iar-bhunscoileanna a fheidhmíonn trí mheán an Bhéarla amháin. |
| ***Riachtanais foghlama teanga na scoláirí i scoileanna speisialta agus i ranganna speisialta i scoileanna príomhshrutha***<br>Aithníonn an Ciorclán seo an t-údarás atá tarmligthe d'údaráis scoileanna speisialta agus d'iar-bhunscoileanna príomhshrutha ina bhfuil ranganna speisialta sa chinnteoireacht maidir le riachtanais foghlama Gaeilge na scoláirí atá rollaithe i scoileanna speisialta nó i ranganna speisialta in iar-bhunscoileanna príomhshrutha. |
| ***Na cúinsí eisceachtúla inar féidir díolúine a dheonú***<br>Léiríonn na cúinsí inar féidir díolúine a dheonú do scoláirí ó staidéar a dhéanamh ar an nGaeilge na forbairtí i soláthar curaclaim agus oideachais ar bhonn níos ginearálta, lena n-áirítear tuiscintí reatha ar dheacrachtaí agus ar dhifríochtaí foghlama. |
| ***Breithniú ar an gcéim is oiriúnaí chun díolúine a dheonú ó staidéar a dhéanamh ar an nGaeilge***<br>Ag teacht leis na prionsabail a thacaíonn le *Curaclam Teanga na Bunscoile* agus leis an gContanam Tacaíochta, leagann an Ciorclán seo síos aois **12 bhliain nó an bhliain dheireanach sa bhunoideachas** mar an tráth is oiriúnaí chun iarratas a bhreithniú ar dhíolúine ó staidéar a dhéanamh ar an nGaeilge i gcás<br>i. scoláirí a fuair a mbunoideachas lasmuigh den stát nó<br>ii. scoláirí atá ag athrollú tar éis tréimhse a chaitheamh thar lear.<br><br>De ghnáth, déanann na tuismitheoirí/na caomhnóirí iarratas ar dhíolúine thar ceann scoláirí. Foráiltear leis an gCiorclán seo gur féidir le scoláirí a bhfuil 18 mbliana d'aois slánaithe acu iarratas a dhéanamh ar dhíolúine ó bheith ag déanamh staidéir ar an nGaeilge. |
| ***Ag bogadh ar shiúl ó dhiagnóis i leith riachtanas foghlama na scoláirí a shainaithint***<br>Ag teacht le beartais eile na Roinne i réimse na riachtanas speisialta oideachais, tacaíonn an Ciorclán seo le sainaithint riachtanas seachas úsáid a bhaint as samhail dhiagnóiseach, chatagóirúil. |
| ***Measúnuithe síceolaíochta agus scóir cumais chognaígh***<br>Níl gá níos mó le measúnaithe sícelaíocha agus scóir cumais chognaíoch chun iarratais ar dhíolúine ó staidéar na Gaeilge a phróiseáil. |
| ***Scóir ghnóthachtála litearthachta mar chritéir***<br>I gcás scoláirí a bhfuil deacrachtaí suntasacha agus marthanacha foghlama acu, níl ach aon scór gnóthachtála litearthachta amháin ag/faoi bhun an 10ú peircintíl in aon cheann de **Léitheoireacht Focal**, **Léamhthuiscint** nó **Litriú** i gceist sna critéir le haghaidh díolúine. |
| ***Sásra achomhairc***<br>Sa chás go ndiúltaítear d'iarratas ar dhíolúine ó staidéar a dhéanamh ar an nGaeilge, is féidir achomharc a iarraidh ar an gCoiste Achomhairc um Dhíolúintí ón nGaeilge. |

## 2. Díolúine ó bheith ag déanamh staidéir ar an nGaeilge a dheonú

### 2.1 Níor cheart díolúine a dheonú ach amháin i gcúinsí eisceachtúla

Níor cheart go ndéanfaí scoláire a dhíolmhú ó staidéar a dhéanamh ar an nGaeilge ach amháin i gcúinsí atá eisceachtúil. Is cinneadh tábhachtach é scoláire a dhíolmhú ó staidéar a dhéanamh ar an nGaeilge a bhfuil impleachtaí aige dá f(h)oghlaim sa todhchaí. Is é/í an príomhoide a dhéanann an cinneadh díolúine ó staidéar a dhéanamh ar an nGaeilge a dheonú ach caithfear é a dhéanamh tar éis plé mionsonraithe le tuismitheoir(í)/caomhnóir(í) an scoláire, an scoláire sa chás gurb é/í a dhéanann an t-iarratas, an múinteoir ranga, múinteoirí oideachais speisialta agus an scoláire féin.

Níor cheart breithniú a dhéanamh ar chinneadh díolúine a dheonú ach amháin sna cúinsí atá leagtha amach in alt 2.2 thíos.

### 2.2 Na cúinsí inar féidir díolúine ó bheith ag déanamh staidéir ar an nGaeilge a dheonú do scoláire

Féadtar díolúine ó bheith ag déanamh staidéir ar an nGaeilge a cheadú do scoláirí sna cúinsí eisceachtúla seo a leanas:

a. scoláirí a fuair a gcuid oideachais suas go dtí 12 bhliain d'aois (nó suas go dtí an bhliain dheireanach, agus an bhliain sin san áireamh, dá gcuid bunoideachais) lasmuigh den stát agus nach raibh deis acu dul i mbun staidéir ar an nGaeilge

**Nó**

b. scoláirí a bhí rollaithe cheana mar scoláirí aitheanta i mbunscoileanna nó in iar-bhunscoileanna agus iad á n-athrollú tar éis tréimhse a chaitheamh thar lear, ar choinníoll go bhfuil trí bliana as a chéile ar a laghad caite ó rollaíodh iad roimhe seo sa stát agus iad 12 bhliain d'aois ar a laghad ar athrollú dóibh

**Nó**

c. scoláirí:

i) a bhfuil deacrachtaí suntasacha foghlama acu atá leanúnach, d'ainneoin go raibh rochtain acu ar chur chuige difreáilte maidir le foghlaim teanga agus litearthachta i nGaeilge agus i mBéarla thar thréimhse ama. Ba cheart go gcuimseofaí fianaise dhoiciméadach den chineál seo, a shealbhaíonn an scoil, Pleananna Tacaíochta Scoláirí ina mionsonraítear

- athbhreithnithe rialta ar riachtanais foghlama mar chuid de thimthriall measúnachta leanúnaí
- spriocanna a leagadh amach
- idirghabháil agus athbhreithniú bunaithe ar fhianaise, lena n-áirítear scóir tástála (léamh focal, léamhthuiscint, litriú, scóir eile teanga/litearthachta eile) ag príomhphointí athbhreithnithe.

**agus**

ii) tráth an iarratais ar dhíolúine ba cheart don scoláire Scór Caighdeánaithe ar thástáil scoite i Léitheoireacht Focal, sa Léamhthuiscint nó sa Litriú a bheith bainte amach atá ag/faoi bhun an 10ú peircintíl.

## 2.3 Nósanna imeachta chun díolúine ó bheith ag déanamh staidéir ar an nGaeilge a dheonú

Caithfidh tuismitheoir(í)/caomhnóir(í) thar ceann an scoláire, nó an scoláire sa chás gurb é/í a dhéanann an t-iarratas, iarratas a dhéanamh i scríbhinn chuig príomhoide na scoile le haghaidh Deimhniú Díolúine ó bheith ag déanamh staidéir ar an nGaeilge.

*a) Breithniú ar iarratas ar dhíolúine*

Agus é/í ag breithniú an iarratais, déanfaidh an príomhoide na nithe seo a leanas:

1. A chinntiú go bhfuil an dáta ar a bhfuair an scoil an t-iarratas taifeadta ar an bhfoirm.
2. Admháil i scríbhinn a thabhairt, á rá go bhfuarthas an t-iarratas ar dhíolúine ó staidéar a dhéanamh ar Ghaeilge.
3. An t-iarratas i scríbhinn a phlé leis an tuismitheoir/na tuismitheoirí, leis an gcaomhnóir/na caomhnóirí nó leis an scoláire agus an fhomhír atá mar bhunús don iarratas (2.2a, 2.2b, nó 2.2c) a dheimhniú a luaithe is féidir tar éis iarratas i scríbhinn a fháil.
4. Eolas a thabhairt don tuismitheoir/do na tuismitheoirí, don chaomhnóir/do na caomhnóirí nó don scoláire faoi na chéad chéimeanna eile de phróiseáil an iarratais.
5. Eolas a thabhairt don tuismitheoir/do na tuismitheoirí, don chaomhnóir/do na caomhnóirí nó don scoláire faoi aon impleachtaí a bheidh ann don scoláire le linn a (h)oideachais iar-bhunscoile agus sa todhchaí má dheonaítear an díolúine ó staidéar a dhéanamh ar Ghaeilge.
6. A chur in iúl don tuismitheoir/do na tuismitheoirí, don chaomhnóir/do na caomhnóirí nó don scoláire go bpróiseálfar an t-iarratas agus go ndeimhneofar an toradh i scríbhinn laistigh de 21 lá scoile ón iarratas a fháil.
7. A mhíniú don tuismitheoir/do na tuismitheoirí, don chaomhnóir/do na caomhnóirí nó don scoláire go n-eiseofar Deimhniú Díolúine sínithe i gcás go gcinnfear go bhféadfar díolúine a dheonú ó staidéar a dhéanamh ar Ghaeilge.
8. A chur in iúl don tuismitheoir/do na tuismitheoirí, don chaomhnóir/do na caomhnóirí nó don scoláire go bhféadfar i gcás go ndiúltófar d'iarratas, achomharc in aghaidh chinneadh na scoile a dhéanamh chuig an gCoiste Achomhairc um Dhíolúintí ón nGaeilge laistigh de laistigh de 30 lá féilire ón dáta a gcuirtear cinneadh na scoile gan díolúine a dheonú in iúl i scríbhinn.
9. Eolas a thabhairt don tuismitheoir/do na tuismitheoirí, don chaomhnóir/do na caomhnóirí nó don scoláire maidir leis na socruithe d'fhoghlaim an scoláire i gcás go ndeonófar díolúine.

*b) An cinneadh a thaifeadadh*

Cuirfidh príomhoide na scoile cinneadh i leith iarratais ar dhíolúine ó bheith ag déanamh staidéir ar an nGaeilge a dheonú nó a dhiúltú in iúl i scríbhinn do thuismitheoir(í)/chaomhnóir(í)/an scoláire.

Sa chás go ndeonaítear díolúine, cuirfear an cinneadh sin in iúl don tuismitheoir/do na tuismitheoirí, don chaomhnóir/do na caomhnóirí nó don scoláire trí Dheimhniú Díolúine scríofa, arna shíniú ag príomhoide na scoile, lena luaitear gur deonaíodh an díolúine i gcomhréir leis an gCiorclán seo agus an dáta. Ar an Deimhniú Díolúine tabharfar chomh maith ainm agus seoladh na scoile, uimhir rolla na scoile, ainm agus dáta breithe an scoláire agus an fhomhír faoina bhfuil an díolúine á deonú.

Coimeádfaidh an scoil an fhoirm iarratais, gach doiciméad tacaíochta agus cóip den Deimhniú Díolúine i gcomhréir leis an reachtaíocht um chosaint sonraí agus cuirfear ar fáil é lena iniúchadh ag oifigigh údaraithe na Roinne. Agus na cáipéisí sin á gcothabháil, ba cheart do scoileanna a áirithiú go bhfuair siad toiliú cuí tuismitheora/na dtuismitheoirí, caomhnóra/na gcaomhnóirí nó an scoláire mar is iomchuí, chun na taifid sin a choinneáil agus a úsáid.

Ba cheart go gcuirfí in iúl don tuismitheoir/do na tuismitheorí, don chaomhnóir/do na caomhnóirí agus don scoláire go bhfuil an rogha acu gan an díolúine a deonaíodh a fheidhmiú, gan aon chaillteanas ar an gceart é a fheidhmiú ag am ar bith feasta.

### 2.4 Achomharc

I gcás ina ndiúltaítear iarratas ar dhíolúine ó staidéar a dhéanamh ar an nGaeilge, tá sé de cheart ag ag tuismitheoir(í)/caomhnóir(í)/an scoláire achomharc a dhéanamh ar an gcinneadh chuig an gCoiste Achomhairc um Dhíolóintí ón nGaeilge. Díreoidh breithniúcháin an Choiste Achomhairc um Dhíoluintí ón nGaeilge ar an bpróiseas a lean an scoil sa phróiseas cinnteoireachta ar an iarratas amháin. Breithneoidh an Coiste Achomhairc um Dhíolúintí ón nGaeilge an tslí inar lean an scoil an próiseas mar atá leagtha amach sa Chiorclán seo agus sna Treoirlínte d'Iar-bhunscoileanna a ghabhann leis.

Caithfear achomharc a chur isteach laistigh de 30 lá féilire ón dáta ar cuireadh cinneadh na scoile gan díolúine a dheonú in iúl i scríbhinn don tuismitheoir/do na tuismitheoirí, don chaomhnóir/do na caomhnóirí nó don scoláire. Is féidir teacht ar an bhFoirm le hAghaidh Achomharc ar Dhíolúine ón nGaeilge agus na Treoirlínte d'Iar-bhunscoileanna ag https://www.education.ie/ga/Tuismitheoirí/Eolas/Díolúine-ón-nGaeilge/.

## 3. Socruithe do scoláirí atá díolmhaithe ó bheith ag déanamh staidéir ar an nGaeilge

Ba cheart do scoileanna, nuair is iomchuí, riachtanais foghlama litearthachta na scoláirí atá díolmhaithe ó staidéar a dhéanamh ar an nGaeilge a chur san áireamh agus iad ag úsáid na n-acmhainní riachtanas speisialta oideachais atá ar fáil. Féadfar cead a thabhairt do scoláirí atá díolmhaithe ó staidéar a dhéanamh ar an nGaeilge ábhar eile, gearrchúrsa nó réimse foghlama eile a chur in ionad na Gaeilge.

## 4. Cathain a thiocfaidh téarmaí an Chiorcláin seo i bhfeidhm?

Beidh feidhm ag téarmaí an chiorcláin seo le héifeacht ó thús na scoilbhliana 2019/20. Beidh feidhm aige maidir le gach iarratas ar dhíolúine ó staidéar a dhéanamh ar an nGaeilge do scoláirí atá rollaithe faoi láthair in iar-bhunscoileanna a fheidhmíonn trí mheán an Bhéarla agus do scoláirí a rollóidh in iar-bhuncoileanna a fheidhmíonn trí mheán an Bhéarla sa todhchaí.

Féadfaidh díolúine a dheonaítear do scoláire a bheith i bhfeidhm ar feadh a t(h)réimhse rollacháin san iar-bhunscoil.

## 5. Tuairisciú ar dhíolúintí a deonaíodh don Roinn

Beidh ar bhainistíocht na scoile faisnéis staitistiúil a sholáthar maidir leis an líon agus na forais ar ar deonaíodh díolúintí faoin gCiorclán seo mar chuid de thuairisceáin bhliantúla mhí Dheireadh Fómhair ar an mBunachar Sonraí Ar Líne d'Iar-Bhunscoileanna.

Mar atá leagtha amach in 2.3.*b)* thuas, ní mór cóip den Deimhniú Díolúine a thabhairt do thuismitheoir(í)/caomhnóir(í)/an scoláire atá díolmhaithe nó don scoláire sa chás gurb é/í a rinne an t-iarratas.

## 6. Scoláirí ag aistriú chuig scoileanna eile

Is faoi thuismitheoir(í)/chaomhnóir(í) an scoláire/nó an scoláire sa chás gurb é/í a rinne an t-iarratas, a chinntiú go bhfuil cóip den Deimhniú Díolúine ar fáil don scoil ag a bhfuil an scoláire ag aistriú.

## 7. Monatóireacht agus athbhreithniú a dhéanamh ar an gCiorclán

Déanfaidh an Roinn monatóireacht rialta ar fheidhmiú an Chiorcláin. Déanfar athbhreithniú tosaigh ar fhorfheidhmiú an Chiorcláin tar éis an chéad dá bhliain dá chur i bhfeidhm agus go tréimhsiúil ina dhiaidh sin.

## 8. Cosaint sonraí

Caithfidh scoileanna cloí leis an dlí a bhaineann le cosaint sonraí agus iarratais á bpróiseáil.

## 9. Tuilleadh eolais

Is féidir teacht ar tuilleadh eolais ag an suíomh gréasáin seo a leanas:
https://www.education.ie/ga/Tuismitheoirí/Eolas/Díolúine-ón-nGaeilge/

Evelyn O'Connor
Príomhoifigeach
An tAonad Polasaí Curaclaim agus Measúnachta
An Roinn Oideachais agus Scileanna

28 Lúnasa 2019